

## RIALACHÁN (AE) 2021/155 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Feabhra 2021

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar teitreachlóiríde carbóin, chlóratailíníle, chlórprófam, démheatóáite, eataprófos, feanaimíodóin, mheitiacarb, óimeatóáite, phrópaconasóil agus phimeatraisín i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 18(1)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás clóratailíníle, chlórprófam, démheatóáite, feanaimíodóin, óimeatóáite, própaconasóil agus pimeatraisín, leagadh uasleibhéil iarmhar (MRLanna) síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás teitreachlóiríde carbóin, leagadh MRLanna síos in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás eataprófos agus meitiacarb, leagadh MRLanna síos i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (2) Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí clóratailíníle a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/677 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>. Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí chlórprófam a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/989 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí démheatóáite a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1090 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí eataprófos a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/344 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>. Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí feanaimíodóin a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1043 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup>. Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí meitiacarb a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1606 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup>. Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí própaconasól a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1865 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup>. Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí pimeatraisín a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1501 ón gCoimisiún <sup>(9)</sup>.

<sup>(1)</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/677 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2019 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí clóratailíníle, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 114, 30.4.2019, lch. 15).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/989 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2019 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí chlórprófam, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 160, 18.6.2019, lch. 11).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1090 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2019 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí démheatóáite, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 173, 27.6.2019, lch. 39).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/344 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2019 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí eataprófos, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 62, 1.3.2019, lch. 7).

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1043 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí feanaimíodóin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 188, 25.7.2018, lch. 9).

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1606 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2019 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí meitiacarb, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 250, 30.9.2019, lch. 53).

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1865 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí própaconasól, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 304, 29.11.2018, lch. 6).

<sup>(9)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1501 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí pimeatraisín, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 254, 10.10.2018, lch. 4).

- (3) Níor formheasadh riamh na substaintí gníomhacha teitrealóiríd charbóin agus óimeatóit san Aontas lena n-úsáid i dtáirgí cosanta plandaí. Le Rialachán (CE) Uimh. 149/2008 ón gCoimisiún <sup>(10)</sup> leagadh síos MRLanna sealadacha le haghaidh teitrealóiríd charbóin i ngránaigh, agus le Rialachán (AE) 2017/1135 ón gCoimisiún <sup>(11)</sup> leagadh síos MRLanna sealadacha le haghaidh óimeatóite i dtáirgí éagsúla.
- (4) Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí gníomhacha sin a chúlghairm. MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substaintí sin in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin i gcomhar le hAirteagal 14(1)(a) de.
- (5) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis an ngá atá le teorainneacha áirithe cinnidh (LODanna) a oiriúnú. Tháinig na saotharlanna sin ar an gconclúid go gceadaítear an leagan síos de LODanna níos ísle le forbairt theicniúil i gcás táirgí áirithe. Maidir leis na substaintí gníomhacha ar cheart gach MRL a laghdú go dtí na LODanna ábhartha ina leith, ba cheart luachanna réamhshocraithe a liostú in Iarscríbhinn V i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (6) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuireadh iarratas isteach chun modhnú a dhéanamh ar an MRL atá ann cheana le haghaidh prátaí mar aon le trialacha iarmhar agus sonraí faireacháin. Rinneadh an t-iarratas sin chun an t-éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ar phrátaí os cionn MRL réamhshocraithe, 0,01 mg/kg, a chur san áireamh nuair a stóráiltear iad i saoráidí a bhfuil stair úsáide clórprófram acu. Maíonn an t-iarratasóir nach féidir na hiarmhair atá fanta a sheachaint go hiomlán mar gheall ar airíonna sonracha clórprófram agus ar na hoibríochtaí glantacháin atá ann faoi láthair sna saoráidí stórála. Leis na sonraí faireacháin a cuireadh isteach deimhnítear go bhfuil iarmhair chlórprófram i bprátaí neamhchóireáilte.
- (7) Rinne an Ísiltír meastóireacht ar an iarratas sin i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
- (8) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí áirithe atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe agus thug sé tuairim eolaíoch maidir leis an MRL atá beartaithe <sup>(12)</sup>. Chuir sí an tuairim sin ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sí ar fáil don phobal í.
- (9) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid ina thuairim eolaíoch go raibh na MRLanna, is é sin 0,3 mg/kg nó 0,4 mg/kg, a mhol an Ísiltír inghlactha maidir le sábháilteacht tomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí ar airíonna tocsaineolaíocha na substainte agus chuir san áireamh 3-clóránailín a bheith ann, rud a chruthaítear ag dálaí a chomhfhreagraíonn do phrátaí a bhácaítear san oigheann. Le teagmháil ar feadh an tsaoil le clórprófram trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a d'fhéadfadh é a bheith iontu, agus le nochtadh gearrthéarmach do chlórprófram agus a mhór-mheitibilít 3-clóránailín, trí go leor prátaí a chaitheamh, léiríodh nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógaíl laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.
- (10) I bhfianaise na gconclúidí ón Údarás maidir leis an riosca do thomhaltóirí, agus é á chur san áireamh gur cheart na leibhéil a leagan síos chomh híseal agus is féidir le réasún, ba cheart an MRL le haghaidh prátaí a leagan síos ag leibhéal 0,4 mg/kg, rud a thagann ó na trialacha "Dea-Chleachtais Saotharlainne" agus a chomhfhreagraíonn don 97,5ú peircintíl de na torthaí go léir ó na samplaí. Thairis sin, ós rud é gur tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach leor na cleachtais ghlantacháin atá ann faoi láthair, is iomchuí am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí gnólachtaí bia chun modheolaíocht ghlantacháin nua a fhorbairt agus a thabhairt isteach.
- (11) Déanfar athbhreithniú ar an MRL sealadach sin ar bhonn sonraí faireacháin a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2021 agus faoin 31 Nollaig gach bliain ina dhiaidh sin. Leis sin féadfaidh an Coimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an gcás go rialta agus an MRL a laghdú de réir a chéile, i gcás inarb iomchuí, de réir mar a dhéantar dul chun cinn i gcur chun feidhme modheolaíochta níos fearr glantacháin. Ba cheart tuarascáil ar fhorbairt agus cur chun feidhme na gcleachtas glantacháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis na sonraí faireacháin faoin 31 Nollaig 2021, agus ba cheart an fhaisnéis uasdátaithe a chur faoina bhráid sna blianta ina dhiaidh sin.
- (12) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir le MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.

<sup>(10)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 149/2008 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí Iarscríbhinní II, III agus IV a bhunú lena leagtar síos uasleibhéil iarmhar le haghaidh táirgí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis (IO L 58, 1.3.2008, lch. 1).

<sup>(11)</sup> Rialachán (AE) 2017/1135 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhar démheatóite agus óimeatóite i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 164, 27.6.2017, lch. 28).

<sup>(12)</sup> Tuarascálacha eolaíocha ó EFSA atá ar fáil ar líne: <http://www.efsa.europa.eu>:

Tuairim Réasúnaithe maidir le huasleibhéil iarmhar shealadacha chlórprófram a leagan síos le haghaidh prátaí. EFSA Journal (Iris EFSA), 2020;18(6):6061.

- (13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (14) Ba cheart tréimhse réasúnta a cheadú sula dtiocfaidh MRLanna modhnaithe i bhfeidhm ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a chomhlíonadh a thiocfaidh as an modhnú ar MRLanna.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Meán Fómhair.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Feabhra 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

Déantar Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú mar a leanas:

- (1) In Iarscríbhinn II, scriostar na colúin le haghaidh teitreachlóiríd charbóin, clóratailínile, clórprófam, démhheatóáite, feanaimíodóin, óimeatóáite, própaconasóil agus pimeatraisín.
- (2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:
- (a) Leasaítear Cuid A mar a leanas:
- (i) scriostar na colúin le haghaidh eataprófos agus meitiacarb;
- (ii) cuirtear isteach an colún seo a leanas le haghaidh clórprófam:

## [IARSCRÍBHINN IIIA]

Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

| Códuimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo <sup>(a)</sup> | Clórprófam (F) (R) |
|-----------|-----------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------|
| 0100000   | <b>TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN</b>                                                | 0.01 (*)           |
| 0110000   | <b>Torthaí citris</b>                                                                         |                    |
| 0110010   | Seadóga                                                                                       |                    |
| 0110020   | Oráistí                                                                                       |                    |
| 0110030   | Líomóidí                                                                                      |                    |
| 0110040   | Líomaí                                                                                        |                    |
| 0110050   | Mandairíní                                                                                    |                    |
| 0110990   | Eile (2)                                                                                      |                    |
| 0120000   | <b>Cnónna crann</b>                                                                           |                    |
| 0120010   | Almóinní                                                                                      |                    |
| 0120020   | Cnónna Brasaíleacha                                                                           |                    |
| 0120030   | Cnónna caisiú                                                                                 |                    |
| 0120040   | Castáin                                                                                       |                    |
| 0120050   | Cnónna cócó                                                                                   |                    |
| 0120060   | Cnónna coill                                                                                  |                    |
| 0120070   | Macadaimia                                                                                    |                    |
| 0120080   | Cnónna peacáin                                                                                |                    |
| 0120090   | Eithní cnónna péine                                                                           |                    |
| 0120100   | Cnónna pistéise                                                                               |                    |
| 0120110   | Gallchnónna                                                                                   |                    |
| 0120990   | Eile (2)                                                                                      |                    |
| 0130000   | <b>Torthaí póma</b>                                                                           |                    |
| 0130010   | Úlla                                                                                          |                    |

|         |                                               |  |
|---------|-----------------------------------------------|--|
| 0130020 | Piorraí                                       |  |
| 0130030 | Cainchí                                       |  |
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach                |  |
| 0130050 | Locuatanna                                    |  |
| 0130990 | Eile (2)                                      |  |
| 0140000 | <b>Torthaí cloiche</b>                        |  |
| 0140010 | Aibreoga                                      |  |
| 0140020 | Silíní (iad milis)                            |  |
| 0140030 | Péitseoga                                     |  |
| 0140040 | Plumaí                                        |  |
| 0140990 | Eile (2)                                      |  |
| 0150000 | <b>Caora agus torthaí beaga</b>               |  |
| 0151000 | <b>(a) fionchaora</b>                         |  |
| 0151010 | Fionchaora boird                              |  |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna                          |  |
| 0152000 | <b>(b) sútha talún</b>                        |  |
| 0153000 | <b>(c) torthaí cána</b>                       |  |
| 0153010 | Sméara dubha                                  |  |
| 0153020 | Eithreoga                                     |  |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí)             |  |
| 0153990 | Eile (2)                                      |  |
| 0154000 | <b>(d) torthaí beaga eile agus caora eile</b> |  |
| 0154010 | Fraocháin                                     |  |
| 0154020 | Mónóga                                        |  |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)            |  |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)           |  |
| 0154050 | Mogóirí róis                                  |  |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán)               |  |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil               |  |
| 0154080 | Caora troim                                   |  |
| 0154990 | Eile (2)                                      |  |
| 0160000 | <b>Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil</b>     |  |
| 0161000 | <b>(a) craiceann inite</b>                    |  |
| 0161010 | Dátaí                                         |  |
| 0161020 | Figí                                          |  |
| 0161030 | Ológa boird                                   |  |
| 0161040 | Cumcuait                                      |  |
| 0161050 | Torthaí réaltúla                              |  |
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha                         |  |

|         |                                                                    |                 |
|---------|--------------------------------------------------------------------|-----------------|
| 0161070 | Plumaí láva                                                        |                 |
| 0161990 | Eile (2)                                                           |                 |
| 0162000 | <b>(b) craiceann do-ite, é beag</b>                                |                 |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)                             |                 |
| 0162020 | Lítsíonna                                                          |                 |
| 0162030 | Páiseoga                                                           |                 |
| 0162040 | Piorraí deilgneacha                                                |                 |
| 0162050 | Réalt-úlla                                                         |                 |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha                                           |                 |
| 0162990 | Eile (2)                                                           |                 |
| 0163000 | <b>(c) craiceann do-ite, é mór</b>                                 |                 |
| 0163010 | Abhacáid                                                           |                 |
| 0163020 | Bananaí                                                            |                 |
| 0163030 | Mangónna                                                           |                 |
| 0163040 | Papánna                                                            |                 |
| 0163050 | Pomagránaití                                                       |                 |
| 0163060 | Céiriomoighe                                                       |                 |
| 0163070 | Guábhaí                                                            |                 |
| 0163080 | Anainn                                                             |                 |
| 0163090 | Torthaí aráin                                                      |                 |
| 0163100 | Duraigh                                                            |                 |
| 0163110 | Úlla deilgneacha                                                   |                 |
| 0163990 | Eile (2)                                                           |                 |
| 0200000 | <b>GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE</b>                                   |                 |
| 0210000 | <b>Glasraí fréimhe agus tiúbair</b>                                |                 |
| 0211000 | <b>(a) prátaí</b>                                                  | <b>0.4 (+)</b>  |
| 0212000 | <b>(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha</b>               | <b>0.01 (*)</b> |
| 0212010 | Casabhaigh                                                         |                 |
| 0212020 | Prátaí milse                                                       |                 |
| 0212030 | Ionaim                                                             |                 |
| 0212040 | Ararút                                                             |                 |
| 0212990 | Eile (2)                                                           |                 |
| 0213000 | <b>(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra</b> | <b>0.01 (*)</b> |
| 0213010 | Meacain bhiatais                                                   |                 |
| 0213020 | Meacain dhearga                                                    |                 |
| 0213030 | Soiliriach/soilire tornapa                                         |                 |
| 0213040 | Meacain ragaim                                                     |                 |
| 0213050 | Bliosáin ghréine                                                   |                 |

|         |                                                                                  |                 |
|---------|----------------------------------------------------------------------------------|-----------------|
| 0213060 | Meacain bhána                                                                    |                 |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg                                      |                 |
| 0213080 | Raidisí                                                                          |                 |
| 0213090 | Salsabh                                                                          |                 |
| 0213100 | Svaeideanna                                                                      |                 |
| 0213110 | Tornapaí                                                                         |                 |
| 0213990 | Eile (2)                                                                         |                 |
| 0220000 | <b>Glasraí bleibíní</b>                                                          | <b>0.01 (*)</b> |
| 0220010 | Gairleog                                                                         |                 |
| 0220020 | Oinniúin                                                                         |                 |
| 0220030 | Seallóidí                                                                        |                 |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil                                        |                 |
| 0220990 | Eile (2)                                                                         |                 |
| 0230000 | <b>Glasraí a thugann torthaí</b>                                                 | <b>0.01 (*)</b> |
| 0231000 | <b>(a) Solanaceae agus Malvaceae</b>                                             |                 |
| 0231010 | Trátaí                                                                           |                 |
| 0231020 | Piobair                                                                          |                 |
| 0231030 | Ubhthorthaí                                                                      |                 |
| 0231040 | Ocra                                                                             |                 |
| 0231990 | Eile (2)                                                                         |                 |
| 0232000 | <b>(b) guird a bhfuil craiceann inite acu</b>                                    |                 |
| 0232010 | Cúcamair                                                                         |                 |
| 0232020 | Gircíní                                                                          |                 |
| 0232030 | Cúirséid                                                                         |                 |
| 0232990 | Eile (2)                                                                         |                 |
| 0233000 | <b>(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu</b>                                   |                 |
| 0233010 | Mealbhacáin                                                                      |                 |
| 0233020 | Puimcíní                                                                         |                 |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce                                                                |                 |
| 0233990 | Eile (2)                                                                         |                 |
| 0234000 | <b>(d) arbhar milis</b>                                                          |                 |
| 0239000 | <b>(e) glasraí eile a thugann torthaí</b>                                        |                 |
| 0240000 | <b>Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)</b> | <b>0.01 (*)</b> |
| 0241000 | <b>(a) praiseach bhlátha</b>                                                     |                 |
| 0241010 | Brocailí                                                                         |                 |
| 0241020 | Cóilis                                                                           |                 |
| 0241990 | Eile (2)                                                                         |                 |

|         |                                                             |                 |
|---------|-------------------------------------------------------------|-----------------|
| 0242000 | <b>(b) praiseach chinn</b>                                  |                 |
| 0242010 | Bachlóga Bruiséile                                          |                 |
| 0242020 | Cabáistí cinn                                               |                 |
| 0242990 | Eile (2)                                                    |                 |
| 0243000 | <b>(c) praiseach dhuilleach</b>                             |                 |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha                                           |                 |
| 0243020 | Cáil                                                        |                 |
| 0243990 | Eile (2)                                                    |                 |
| 0244000 | <b>(d) cálráibí</b>                                         |                 |
| 0250000 | <b>Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite</b>  |                 |
| 0251000 | <b>(a) leitísí agus plandaí sailéid</b>                     | <b>0.01 (*)</b> |
| 0251010 | Ceathrúna uain                                              |                 |
| 0251020 | Leitísí                                                     |                 |
| 0251030 | Searbháin muc                                               |                 |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus peacáin eile                     |                 |
| 0251050 | Biolair thalún                                              |                 |
| 0251060 | Roicéad Rómánach/rucola                                     |                 |
| 0251070 | Mustard dearg                                               |                 |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)        |                 |
| 0251990 | Eile (2)                                                    |                 |
| 0252000 | <b>(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla</b>            | <b>0.01 (*)</b> |
| 0252010 | Spionáistí                                                  |                 |
| 0252020 | Puirsleáin                                                  |                 |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais                                   |                 |
| 0252990 | Eile (2)                                                    |                 |
| 0253000 | <b>(c) duilleoga caor finíúna agus speicis chomhchosúla</b> | <b>0.01 (*)</b> |
| 0254000 | <b>(d) biolair uisce</b>                                    | <b>0.01 (*)</b> |
| 0255000 | <b>(e) sreabháin na Beilge</b>                              | <b>0.01 (*)</b> |
| 0256000 | <b>(f) luibheanna agus bláthanna inite</b>                  | <b>0.02 (*)</b> |
| 0256010 | Costóg                                                      |                 |
| 0256020 | Síobhas                                                     |                 |
| 0256030 | Duilleoga soilire                                           |                 |
| 0256040 | Peirsil                                                     |                 |
| 0256050 | Sáiste                                                      |                 |
| 0256060 | Marós                                                       |                 |
| 0256070 | Tím                                                         |                 |
| 0256080 | Basal agus bláthanna inite                                  |                 |
| 0256090 | Duilleog labhrais                                           |                 |

|         |                                        |                 |
|---------|----------------------------------------|-----------------|
| 0256100 | Dragan                                 |                 |
| 0256990 | Eile (2)                               |                 |
| 0260000 | <b>Léagúim</b>                         | 0.01 (*)        |
| 0260010 | Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)      |                 |
| 0260020 | Pónairí (gan faighneoga)               |                 |
| 0260030 | Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)     |                 |
| 0260040 | Piseanna (gan faighneoga)              |                 |
| 0260050 | Lintilí                                |                 |
| 0260990 | Eile (2)                               |                 |
| 0270000 | <b>Glasraí gais</b>                    | <b>0.01 (*)</b> |
| 0270010 | Lus súpach                             |                 |
| 0270020 | Cardúin                                |                 |
| 0270030 | Soilirí                                |                 |
| 0270040 | Finéal Fhlórans                        |                 |
| 0270050 | Bliosáin chruinne                      |                 |
| 0270060 | Cainneanna                             |                 |
| 0270070 | Biabhóg                                |                 |
| 0270080 | Péacáin bhambú                         |                 |
| 0270090 | Croíthe pailme                         |                 |
| 0270990 | Eile (2)                               |                 |
| 0280000 | <b>Fungais, caonaigh agus léicin</b>   | 0.01 (*)        |
| 0280010 | Fungais shaothraithe                   |                 |
| 0280020 | Fungais fhiáine                        |                 |
| 0280990 | Caonaigh agus léicin                   |                 |
| 0290000 | <b>Algaí agus orgánaigh phrócaróit</b> | 0.01 (*)        |
| 0300000 | <b>PISEÁNAIGH</b>                      | 0.01 (*)        |
| 0300010 | Pónairí                                |                 |
| 0300020 | Lintilí                                |                 |
| 0300030 | Piseanna                               |                 |
| 0300040 | Lúipíní/pónairí lúipíní                |                 |
| 0300990 | Eile (2)                               |                 |
| 0400000 | <b>OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHÁÍ</b>     | 0.01 (*)        |
| 0401000 | <b>Olashíolta</b>                      |                 |
| 0401010 | Ros lín                                |                 |
| 0401020 | Piseanna talún                         |                 |
| 0401030 | Síolta poipín                          |                 |
| 0401040 | Síolta seasamain                       |                 |
| 0401050 | Síolta lus na gréine                   |                 |

|         |                                                        |          |
|---------|--------------------------------------------------------|----------|
| 0401060 | Síolta ráibe                                           |          |
| 0401070 | Pónairí soighe                                         |          |
